National Disability Authority
Údarás Náisiúnta Míchumais

# Taithí Scoláirí a bhfuil Míchumais orthu i Meánscoileanna





Fiona Daly, Anna Fiona Keogh, Jean Whyte
Ionad Thaighde Pháistí
Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath

**Bhí an taighde seo coimisiúnaithe ag An Udáras Náisiúnta Míchumais**
**Bealtaine 2007**

# Réamhra

Bhí sé mar aidhm ag an staidéar seo taithí na ndaoine óga a bhfuil míchumais orthu a iniúchadh, go háirithe taithí na ndaltaí a imíonn scoil go luath. Go háirithe, bhí ag iarraidh teacht ar na fáthanna a chuireann bac ar, nó ar an láimh eile, a chuidíonn le páirtíocht an aosa óig a bhfuil míchumas orthu sa chóras oideachais suas go dtí agus isteach sa tríú leibhéal. Seo a leanas ceisteanna na taighde:

**i)** Cad iad na fáthanna i gCóras Oideachais na hÉireann agus a eagrú atá dearfach nó diúltach i gcur chun cinn chríochnú rathúil oideachais do dhaoine óga a bhfuil míchumais fhisiceacha orthu?

**ii)** Cad iad na fáthanna ag leibhéal na scoile a chuidíonn nó a bhacann?

**iii)** Cad iad na tacaí a chuidíonn nó a bhacann nuair nach bhfuil siad ann?

**iv)** Cad iad na fáthanna ag leibhéal an teaghlaigh?

**v)** Cad iad na tacaí atá ann i dtaca le tacaíocht phobail,sóisialú, piarghrúpaí?

**vi)** Cad iad na dearcaidh atá ag na daoine a d'imigh go luath ón scoil agus acu siúd a bhfuil an dara leibhéal oideachais críochnaithe acu?

San achomre fheidhmiúcháin seo, déanfaimid cúlra agus léirmheas na litríochta a leagadh amach, cur síos ar an mhodheolaíocht, achoimre ar phríomhthorthaí na gceisteanna taighde agus liosta de na moltaí a tháinig ó na rannpháirtigh.



# Léirmheas ar reachtaíocht ábhartha agus ar thaighde

Is é an aidhm a bhí ag an léirmheas ná comhthéacs a sholáthar don staidéar taighde. Bhreithnigh sé:

- minicíocht mhíchumais sa daonra;
- Soláthar oideachais dara leibhéil in Éirinn agus na polasaithe ábhartha agus cúlra reachtaíochta;
- Soláthar reatha oideachais do pháistí agus do dhaoine óga a bhfuil míchumais orthu in Éirinn;

- Ceisteanna agus fáthanna a mbíonn tionchar acu ar thaithí oideachasúla dhaoine óga a bhfuil míchumais orthu;
- Taighde ar thaithí oideachasúla dhaoine óga a bhfuil míchumais orthu in Éirinn agus i dtiortha eile.

Rinneadh cúpla staidéar beag san earnáil seo le blianta beaga anuas, ach ar an iomlán, tá easpa taighde ann ar thaithí éireannach óg a bhfuil míchumais orthu (Kenny, McNeela and Shevlin, 2003). Is é seo an cás go hidirnáisiúnta, áfach. Deir Davis (2004) go ndúirt scoláirí sna nochaidí nach raibh aon eolas ann faoi dhearcadh dhaoine óga míchumasacha ar a n-oideachas, agus ar a sláinte agus seirhbísí sóisialta. In ainneoin easpa na taighde san earnáil seo, cuireadh roinnt torthaí ar thaithí oideachasúla dhaoine míchumasacha i láithair. Cé go bhfuil fianaise leathan ann de dhrochtháithí, ní seo an taithí a bhí ag gach duine a ghlac páirt sna staidéir thaighde. Caithfidh cuimhneamh fosta go mbíonn taithí leithleach ag daoine óga míchumasacha ina scolaíocht agus ina n-oideachas.

Sna fáthanna a raibh tionchar acu ar dhul chun cinn oideachasúil dhaoine óga a sainaithníodh bhí cúrsaí maidir le rochtain fisiceach, acadúil agus sóisialta, frámaíocht réadtiomnaithe ag Kenny et al (2000).



# Rannpháirtigh

I measc na rannpháirteach bhí 34 duine óg agus roinnt tuismitheoirí (N=11), lucht gairme oideachais (12) agus lucht gairme a bhfuil ról acu i ngníomhaíochtaí míchumasacha (N=9).

Bhí na daoine óga idir 13 agus 35 bliain d'aois. Shásaigh na rannpháirtigh critéir na haoise le páirt a ghlacadh dá mbeadh míchumas fisiceach orthu agus taithí acu ar an phríomhshrutha, agus ag roinnt acu ar oideachas speisialta. Bhí réimse leathan míchumas fisiceach i measc na rannpháirteach, le céimeanna difriúla deacrachta le gníomhaíochtaí áirithe, le siúl ach go háirithe. Bhí beagán níos mó

fireannach ná baineannaigh sa staidéar: 59% (20) fireann i gcompáraid le 41% (14) a bhí baineann. Tógadh daoine óga ó chuid mhaith ceantar difriúil ó gach cearn na tire, idir mhuintir na tuaithe agus mhuintir an bhaile mhóir. Mar sin de, is dócha gurb ionann taithí an ghrúpa seo agus cúrsaí na ndaoine óga sa dá chinéal áite.



# Modheolaíocht

Bailíodh sonraí ó agallaimh leathstruchtúrtha indibhidiúla, ó agallaimh chuimsitheach, ó ghrúpaí fócais agus ó cheistiúchán do gach scoil dara leibhéil.

Torthaí i dtaca leis na ceisteanna taighde:

**i) Cad iad na fáthanna i gCóras Oideachais na hÉireann agus a eagrú atá dearfach nó diúltach i gcur chun cinn chríochnú rathúil oideachais do dhaoine óga a bhfuil míchumais fhisiceacha orthu?**

- Bhí sé tábhachtach do roinnt daoine óga go mbeadh seans acu bliain a athdhéanamh chun am caillte a chuiteamh mar gheall ar thinneas;
- Creideadh gur rud dearfach é go mbeadh rogha scoileanna ann – príomhshrutha, príomhshrutha le hionad speisialta tacaíochta nó speisialta, ach bhí sé seo ag brath ar riachtanais an duine agus ar leibhéal na tacaíochta a bhi de dhith nó ar fail, a bhí difriúil ó scoil go scoil;
- Chonacthas an idirbhliain mar rud luachmhar d'áiméir chun cairde nua a dhéanamh agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim;
- Mhothaigh daltaí gan chumhacht gan chroí mar gheall ar easpa tacaíochtaí bainteacha nuair a bhogaidís ó airnéal go hairnéal.

**ii) Cad iad na fáthanna ag leibhéal na scoile a chuidíonn nó a bhacann ?**

- Ag leibhéal na scoile, thiocfadh le dearcaidh an phríomhoide agus na múinteoirí cuidiú nó bacadh, chomh maith le dearcaidh na bpiaraí;
- Nuair a bhí múinteoirí tuisceanach faoin bhulaíocht, bhí saol níos fusa mar fachtóir a bhí sa bhulaíocht;

- Chuidigh solúbthacht i dtaca le hamú agus le socruithe teagaisc nuair a tharla sé, m.sh. Bhí am breise de dhith ar roinnt daoine óga le dul ó rang go rang;
- Tuiscint ag an fhoireann de riachtanais speisialta an duine gan béim a chur ar na difríochtaí, m.sh. do thréimhsí scíthe, do níos lú obair bhaile;
- Shíl roinnt daoine a ghlac páirt go raibh sé tábhachtach féinmheas agus féinmhuinín a fhorbairt.

**iii) Cad iad na tacaí a chuidíonn nó a bhacann nuair nach bhfuil siad ann?**

- Ní raibh rochtain fhisiceach, rampaí, rochtain chothrom chuig leithris, ardaitheoirí in áit staighrí, áiseanna lónadóireachta, iompar do thurais, a bhí bunúsach go leor, ar fáil do rannpháirtigh an staidéir;
- Fuarthas go raibh cúntóirí riachtanas speisialta, ar bhonn aon le haon go hiontach - ach nach raibh cead isteach acu i ngach rang;
- Sna tacaí eile a luadh bhí: glacadóirí nótaí, trealamh speisialaithe, ríomhairí glúine, am breise i scrúduithe.

**iv) Cad iad na fáthanna ag leibhéal an teaghlaigh?**

- Do chuid mhaith tuismitheoirí tháinig neart imní ó chúrsaí sláinte chan ó chúrsaí scoile agus ó na deacrachtaí a tharlaíonn nuair a dhéanann siad iarracht an tacíocht agus an aire sláinte is fearr a fháil dona bpáistí;
- Bhí deacrachtaí ag roinnt acu teacht ar sheirhbísí tacaíochtaí;
- Is fachtóir é costas do chuid mhaith daoine: costas breise iompair, nuair nach dtig leis an duine óg teacht ar iompar laethúil; do chuairteanna sláinte nó turais oideachasúla; ag ceannach cathaoireach rothaí; ag íoc as seirbhísí breise;
- Dúirt tuismitheoirí go raibh taithí dhifriúíl ag a bpáistí lena scoileanna. Bhí roinnt acu diúltach as siocair gur imealladh iad; bhí bunscoileanna ach go háirithe go han-chuiditheach;
- Ar an iomlán bhí tuismitheoirí tacúil le huaillmhianta a bpáistí in oideachas agus bhí an chuma ar an scéal go raibh sásta gach rud indéanta a dhéanamh lena spreagadh agus lena ndíograis a chothú, fiú in aghaidh angair.

**v) Cad iad na tacaí atá ann i dtaca le tacaíocht phobail,sóisialú, piarghrúpaí?**

- i roinnt cásanna, bhí gníomhaíochtaí míchumais in ann tacaiocht do scoláiri a sholáthar i scoileanna trí theagmháil leis an scoil

agus tri thacaíocht theiripeach a sholáthar chomh maith le múinteoirí a chur ar fáil a bhfuil eolas agus oiliúint bhunúsach faoi mhíchumais acu;

- Ina theannta sin, tugann páirtíocht na ndaoine óga iad féin sna gníomhaíochtaí seo áiméir dóibh páirt a ghlacadh in imeachtaí difriúla agus i ndéanamh cairde.

**vi) Cad iad na dearcaidh atá ag na daoine a d'imigh go luath ón scoil agus acu siúd a bhfuil an dara leibhéal oideachais críochnaithe acu?**

- Leis an fhírinne a dhéanamh, as an cheathrar rannpháirteach a ghlac páirt sa staidéar, a d'imigh ón scoil go luath, d'fhan nó chuaigh gach duine acu ar ais agus chríochnaigh siad réimse scrúduithe agus teastas. Níor mhothaigh aon duine acu go raibh tionchar ag a riocht ar a gcinneadh an scoil a fhágáil. Ba fhachtóirí iad bulaíocht agus easpa tuisceana múinteoirí in dha chás. Ghríosaigh máthair amháin a mac leis an scoil a fhágáil agus ansin bhí aiféala uirthi. De réir cosúlachta ní raibh an córas oideachas ina fhachtóir i dtrí chás;
- Bhí taithí an-difriúil ag na daoine a chríochnaigh dara leibhéal; bhí an oiread sin ag brath ar riachtanais an duine agus ar réimse fachtóiri scoilbhunaithe.



# Moltaí

Patrún amháin a tháinig amach ná an neamhréiteach idir reachtaíocht mhíchumais agus taithí na rannpháirteach sa staidéar. Tá sé aitheanta go bhfuil feidhmiú na bhforálacha sa reachtaíocht is déanaí go fóill ag staid an-luath. Tá sé mar rún, áfach, go mbeidh na moltaí seo in ann cuidiú le daoine a chur ar an eolas faoin bhealach is fearr le reachtaíocht a chur i bhfeidhm i gcleachtadh agus na cúrsaí is práinní.

## Moladh 1: Teacht ar thacaíocht agus ar fhoráil phríomhshrutha oideachasúil

Deir An Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialtas Oideachais Acu 2004 go gcaithfidh páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu a mhúineadh i suíomh iniatach ach amháin dá gcuirfeadh a leithéid isteach ar leasanna an pháiste ná ar oideachas éifeachtach na bpáistí eile in airnéal an phríomhshrutha. Léiríonn torthaí an staidéir seo go raibh a lán gnéithe dearfacha de thaithí oideachasúil na ndaoine óga. Bhí teacht ar na tacaí cearta oideachais a bheag nó a mhór ag brath ar an scoil ina raibh siad, áfach. Sa dóigh go dtiocfadh le scoileanna priomhshruthú, caithfidh múinteoirí bheith toilteanach agus oscailte glacadh le scoláirí míchumasacha, agus a sainriachtanais, mar chuid dá bpoist. Shíl roinnt tuismitheoirí nach raibh múinteoirí ar an eolas faoin obair bhreise a bhíonn ann i dtacaíocht a thabhairt do dhaltaí míchumasacha mar chuid de ról a bpost. Caithfidh tacú le scoileanna, ní amháin i bhforbairt dhearcadh ionclúideach ach caithfidh na hacmhainní cearta bheith ann chun seo a chur i bhfeidhm agus an polasaí cuspóireach príomhshrutha a fhíorú. Mhol rannpháirtigh bealtaí éagsúla leis seo a bhaint amach, atá luaithe thíos.

## Moladh 2: Rochtain fhisiceach fhoirgnimh scoile agus áiseanna a fheabhsú

Caithfidh foirgnimh agus áiseanna scoile bheith inrochtana do scoláirí a bhfuil míchumais fhisiceach orthu. Léirigh an staidéar nach raibh rochtain fhisiceach leordhóthanach ag cuid mhaith scoileanna. Lena chois sin, dúradh go raibh moill ar an obair fheabhsúcháin sna scoileanna a bhí ag teastáil ó dhaoine óga míchumasacha i roinnt cásanna, m.sh. ag cur rampaí nó ardaitheoir isteach.

Mar a moladh sa tuarascáil ar Choiste Athbhreithnithe Oideachais Speisialta (1993),Caithfidh An Roinn Oideachais go gcuirfear an maoiniú riachtanach ar fail in am do'údaráis bhainistíochta scoile a bhfuil rún acu foirgnimh scoile, troscán, feistis nó soilsiú a athrú ar mhaithe le daltaí míchumasacha. Déanann cuid 3 d'Acht um Mhíchumas 2005 tagairt do rochtain fhoirgneamh agus sheirbhísí poiblí i gcomhlachtaí poiblí.[1] Sholáthair foráil amháin den Acht go mbunófaí Láronad Sarmhaitheasa i nDearadh Uillíoch in Údarás Náisiúnta Míchumais. Léirigh torthaí na tuarascála go beadh ról ag an Lárionad i ndearadh scoileanna stáit atá inrochtana do dhaoine óga a bhfuil míchumas orthu, go háirithe nuair atá scoileanna nua á dtógáil agus nuair atá scoileanna ag oiriniú áitribh fosta, síntí tógála san áireamh.

[1] Is ionann 'Comhlachtai poiblí' agus comhlachtaí ar nós rannóg rialtais, údarás áitiúil, bord sláinte agus comhlachtaí leathstáit, chomh maith leis an chuid is mó d'egraíochtaí eile stáit. *'Treoir d'Acht um Mhíchumais* **2005**, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.'

## Moladh 3: Gníomhaíochtaí míchumaissan earnáil dheonach a éascú chun tacaíocht a sholáthardo scoileanna

Ba shoiléir ó chuid de na hagallaimh a rinneadh le lucht gairme na ngníomhaíochtaí míchumais go raibh an-obair ar siúl leis na scoileanna chun iad a éascú chun freastal ar riachtanais dhaoine óga le míchumais fhisiceacha. Tá cumas roinnt gníomhaíochtaí míchumais teoranta chun seo a dhéanamh, áfach, mar gheall ar easpa acmhainní agus maoinithe. Moladh go mbunofaí foireann de chleachtóirí tiomnaithe a mbeadh an fhreagracht orthu idirghabháil a dhéamhamh go díreach le scoileanna. Ba choir go mbeadh fisiteiripeoir, síceolaí, teiripeoir urlabhra agus teanga agus teiripeoir saothair ar an fhoireann. An chiall a bheadh leis seo ná go bhfaigheadh na daoine óga cuairt ón fhoireann seo ar bhonn rialta agus go mbeadh tacaíocht leanúnach ann do na daoine óga agus do fhoireann na scoile. Dúirt roinnt gníomhaíochtaí míchu,ais a ghlac páirt sa staidéar go ndearna roinnt scoileanna teagmháil leo faoi cheisteanna a tháinig aníos maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga míchumasacha. Caithfidh maoiniú bheith ann chun na tacaí cuí a chur ar fail.

## Moladh 4: Teacht ar sheirbhísí teiripeacha a chur ar fáil i gcúinse oideachais phriomhshrutha

Nuair a roghnaíonn daoine óga bealach an phríomhshrutha, ba chóir go mbeadh teacht agu ar sheirbhísí teiripeacha nuair is gá. Mar sin, ba cheart go mbeadh nasc idir oideachas an phríomhshrutha agus seirbhísí speisialta teiripeacha.

Dar le soláthraí  seirbhísí míchumais a chuaigh faoi agallamh don staidéar, bhí roinnt tuismitheoirí buartha nach bhfaigheadh a bpáiste seirbhísí teiripeacha áirithe, a bheadh ar fáil i scoil speisialta, dá roghnóidís an páiste a chur chuig scoil an phríomhshrutha. Tá samplaí ann nuair a chuitear an scolaíocht phríomhshrutha ar fáil i gcomhar le seirbhísí speisialta teiripeacha. I roinnt ceantar d'údaráis áitiúla sa Ríocht Aontaithe, freastalann daoine óga míchumasacha ar ranganna príomhshrutha don chuid is mó den am le seirbhísí teiripeacha ar fáil dóibh ina n-aonar nó i ngrúpai beaga. Socraítear comhaontuithe seirbhíse idir na scoileanna áirithe agus na soláthraithe seirbhíse teiripeacha fóirsteanacha.[2]

Istigh in Acht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais orthu 2004 tá soláthar do pháiste/dhuine óg measúnacht

[2] Is sampla amháin de seo é Comhairle Tyneside Thuaidh, áit a bhfuil na seirbhísí teiripeacha ar fail do líon daoine óga a bhfuil míchumais fhisiceacha orthu i dtrí scoil phríomhshrutha. *Scoileanna iniatacha don todhchaí: Soláthar breise do dhaltaí le míchumais fhisiceacha* (2005) Seirbhís Chultúrtha agus Oideachais Chomhairle Tyneside Thuaidh, féach, www.northtyneside.gov.uk

a bheith acu le fáil amach an bhfuil riachtanais speisialta oideachais ann. Sa chás go bhfuil riachtanais den chineál sin ar an pháiste/an duine óg, is féidir go ndéanfar plean oideachais don pháiste/duine óg agus é curtha chuig an Eagraí cuí do Riachtanais Speisialta Oideachais. Pléann Cuid 7 den Acht le soláthar seirbhísí i ndiaidh an phróisis seo. Maíonn sé go bhfuil an fhreagracht ar an Chomhairle Náisiúnta d'Oideachais Speisialta nó ar Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte leis na seirbhísí atá aitheanta sa phlean oideachais a sholáthar. Nuair a chuirtear an chuid seo den Acht i bhfeidhm, caithfidh na struchtúir riachtanacha a chur i ngníomh sa dóigh go dtiocfadh le páiste/daoine óga a bhfuil míchumais orthu seirbhísí teiripeacha a fháil agus iad ag freastal ar scoil an phríomhshrutha, ionas go mbeidh teacht acu agus ag a dteaghlach ar sholáthar oideachais phríomhshrutha.

## Moladh 5: Ról earnáil an oideachais speisialta a athmhíniú

In ainneoin na béime ar sholáthar oideachasúil príomhshrutha i mbeartas oideachasúil agus reachtaíocht mhíchumais, tá áit ann go fóill do scoileanna speisialta, cé nach bhfuil sé comh forleathan is a bhí. Thug rannpháirtigh roinnt fáthanna don athrú seo in earnáil an oideachais speisialta. Go háirithe gur chóir go mbeadh ról níos mó ag scoileanna speisialta ná áiseanna cúram lae amháin a sholáthar. Ina theannta sin, ba

chóir córas treoraíochta slite beatha a thabhairt isteach sna scoileanna speisialta a chuideodh le daoine óga a bhfuil míchumais orthu is iad ar lorg breisoideachais/traenála nó fostaíochta nuair atá oiriúnach.

Bheadh cúrsaí dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga míchumasacha ar bhealach praicticiúil lena a láidreachtaí a neartú ina an-chuidiú ionas go "mbeidís ábalta dul amach agus saol chomh normálta agus is féidir bheith acu".

## Moladh 6: Seirbhísí sa chomphobal a chomhordanáidiú agus a fheabhsú

Cuireadh in iúl go dtabharfadh feabhsúchán na seirbhísí míchumais sa chomhphobal mór tacaiocht do pháirtíocht oideachasúil daoine óga. Is gá go mbeadh rochtain níos fearr ann sa chomphobal mór. Aithníonn Acht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais orthu 2004 go gcaithfidh seirbhísí sláinte tacaíochtaí agus acmhainní a sholáthar ionas go mbeidh roinnt páistí ábalta páirt a ghlacadh in oideachas agus tairbh a bhaint as. Ceann de na haidhmeanna is lárnaí san acht ná a dhéanamh cinnte go mbeidh comhordanáidiú agus comhoibriú idir Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus An Chomhairle Naisiúnta um Oideachas Speisialta. Léirigh rannpháirtigh sa staidéar an tábhacht a bhí le seirbhísí leasaithe pobail agus le

comhoibriú idir seirbhísí oideachais agus sláinte, go háirithe nuair nach bhfuil rochtain éasca ag daoine ar sheirbhísí mar gheall ar easpa airgid nó iompair.

## Moladh 7: Eolas ar mhíchumais a ardú

Chuir cuid mhaith rannpháirteach sa staidéar in iúl go raibh gá ann do fheasacht mhíchumais mheádaitheach, go háirithe, daoine óga iad féin agus a dtuismitheoirí. Luaigh siad feasacht a ardú i measc múinteoirí agus fhoireann eile na scoile ach go háirithe, chomh maith leis na scoláirí i gcoitinne.

### Oiliúint do fhoireann scoil phríomhshrutha

Is gá go mbeadh oiluint cheart faoi riachtanais speisialta daoine óga a bhfuil míchumais orthu ar fáil don fhoireann i scoileanna an phríomhshrutha. Moladh gurbh fhéidir é seo a dhéanamh trí chomhoibríu meádaithe in airnéal na scolaíochta agus na sláinte agus/nó i gcomhar le gníomhaíochtaí míchumais. Agus an taighde seo ar siúl bhí naisc ann cheana féin idir gníomhaíochtaí míchumais a ghlac páirt sa staidéar agus scoileanna áirithe ina gceantar. Thiocfadh seo a fhorbairt níos mó dá mbeadh na hacmhainní cuí ann (mar a luadh i moladh 1).

Shíl roinnt tuismitheoirí daoine óga go gcaithfidh dearcaidh ar dhaoine le míchumais a athrú le cuidiú leis an phríomhshruthú. Is féidir tuilleadh athraithe a bhaint amach ach eolas níos fearr a chur ar fáil faoi riachtanais dhaoine óga abhfuil míchumais orthu. Bealach amháin chun tosaigh a moladh na córas piara-oideachais a fhorbairt, mar a n-oilfeadh daoine óga le míchumais le dul isteach sna scoileanna le labhairt go díreach le grúpa scoláirí agus múinteoirí faoina saol.

## Oiliúint shonraithe do chomhairleoirí treoraíochta i scoileanna dara leibhéal

Ba chóir go mbeadh oiliúint ar leith ar fáil mar a mhol comhairleoirí treoraíochta i scoileanna dara leibhéal ionas go dtig leo comhairle a chur ar dhaoine óga le míchumais faoi na roghanna atá ann ó thaobh oideachais de dóibh, faoi na tacaí atá ar fáil in institiúidí áirithe, agus faoi na hionchais fhostaíochta.

Toradh tábhachtach anseo ná gur chríochnaigh cuid de na daoine óga atá ag freastal ar scoil dara leibhéal faoi láthair a gcuid scolaíochta dara leibhéal ag aois níos sine na a bpiaraí, de ghnáth mar gheall ar thinneas a ba chúis le tréimhsí scoile a chailleadh. Tá seans ann go gcaithfidh impleachtaí acmhainneacha do roghanna daoine óga i ndiaidh imeacht ón scoil a iniúchadh.

## Moladh 8: Teacht ar eolas a fheabhsú

Mhaígh cuid de na rannpháirtigh (daoine óga agus tuismitheoirí) gur mhothaigh siad go raibh sé doiligh teacht ar an eolas a bhí ag teastáil uathu maidir le tacaíochtaí agus le teidlíochtaí srl.

Deir Acht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais orthu 2004 go gcaithfidh An Chomhairle Naisiúnta um Oideachas Speisialta eolas do thuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais acu a sholáthar faoina dtedlíochtaí. Tá gá aitheanta ag an taighde sa réimse seo, bunaithe ar fhreagraí ó chuid de na rannpháirtigh, agus déanann sé seo tábhacht na Comhairle a neartú.

### Eolas ar theidlíochtaí thar earnálacha éagsúla oideachais

Ba choir go mbeadh sé éasca teacht ar eolas ar na teidlíochtaí agus ar chúnamh airgeadais do dhaoine óga nuair a bhogann siad ó earnáil go hearnáil, m.sh. ó leibhéal 2 go leibhéal 3, agus an tionchar a bhíonn ar na teidlíochtaí atá acu le haineolas a chosc.

Rinneadh an pointe go mbíonn tacaí a fhaigheann daoine óga le míchumais ceangailte le institiúid oideachasúil amháin. Mar sin de, nuair a bhogann daoine óga ón bhunscoil go dtí scoil dara leibhéal nó ó leibhéal 2 go dtí leibhéal 3, caithfidh siad cur isteach ar na tacaí

céanna arís, a ghlacann am agus thig leis an phróiseas bheith doiligh. Léiríonn sé seo go gcaithfidh teacht ar eolas cuí tráthúil bheith ann faoi theidlíochtaí agus faoi thacaí atá ar fáil do dhaoine óga agus iad ag dul dóibh trí chóras an oideachais.

## Moladh 9: Tacaíochtaí san ardoideachas a leasú

Is gá go mbeadh tuilleadh acmhainní in earnáil an ardoideachais, Oifigigh Míchumais le cuidiú in eagraíocht na dtacaíochtaí cuí do scoláirí le míchumais san áireamh.

Mhol an chuid is mó de na scoláirí a chuaigh ar aghaidh chuig ardoideachas na tacaí a fuair siad, i gcomparáid leis an taithí a bhí acu ag an dara leibhéal. Ach sin ráite bhí leibhéal na dtacaíochtaí, áfach, ag brath ar an ollscoil/choláiste ar a raibh siad. Caithfidh Oifigigh míchumais lánaimseartha bheith ann mar, i roinnt cásanna, thit an fhreagracht seo ar phlata duine a raibh a bhfreagrachtaí féin acu cheana, in áit airde an duine sin bheith dírithe ar an fhreagracht seo agus ar an fhreagracht seo amháin.

Is é NDA príomhghníomhaíocht an stáit ar chúrsaí míchumais, ag soláthar sainchomhairle don rialtas ar pholasaí agus ar chleachtas.

# Tagairtí

Davis, J. (2004) 'Disability and Childhood: Deconstructing the Stereotypes' in Swain, J., French, S., Barnes, C. and Thomas, C. (eds) *Disabling Barriers – Enabling Environments* Sage London, Thousand Oaks and New Delhi p. 142-148

Department of Education (1993) *Report of the Special Educational Review Committee*. Dublin: Stationary Office

Kenny, M., McNeela, E., and Shevlin, M. (2003) 'Living and learning: the school experience of some young people with disabilities in Shevlin, M. and Rose, R (eds) *Encouraging Voices* National Disability Authority Dublin p. 138-158

Kenny et al (2000) *Hidden Voices: Young People with Disabilities speak about their Second Level Schooling* Bradshaw Books Cork

**National Disability Authority**
Údarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh,
Baile Átha Cliath 4.
**Teileafón/Minicom** 01 608 0400
**Facs** 01 660 9935
**Ríomhphost** nda@nda.ie
**www.nda.ie**

**Is é NDA an ghníomhaireacht cinnireachta stáit ar mhíchumas, ag soláthar sainchomhairle neamhspleách don Rialtas ar pholasaí agus chleachtas.**

Designed by catalysto